


CHOMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT

# MHAIGH EO 2023


Réamhrá ón gCathaoirleach agus ó Cheann na Comhpháirtíochta Spóirt 4

**Mír 1: Príomhthorthaí 5**

1.1 Príomhthorthaí, Cúlra, Acmhainní agus Cistiú 6
1.2 Grafaic Faisnéise 7

**Mír 2: Cúlra, Acmhainní agus Cistiú 8**

2.1 Cúlra CSME 9
2.2 Foinsí Cistithe Tionscadal 9
2.3 Bainistíocht agus Foireann CSME 12

**Mír 3: Éachtaí CSME in 2023 13**

3.1 Réamhrá 14 14
3.2 Cumainn Spóirt agus Pobail Áitiúla a Fhorbairt 14
3.3 Cúrsaí Oiliúna agus Oideachais 15
3.4 Cláir Spórt Éireann a Sholáthar 16
3.4.1 Tionscnaimh Rannpháirtíochta CSME 17
3.4.2 Catagóiriú Thionscnaimh CSME 19
3.4.3 Tionscnaimh CSME a Soláthraíodh in 2023 20
3.5 Comhpháirtíochtaí a Fhorbairt agus a Chothú 21
3.6 Líonrú, Tacaíocht agus Múscailt Feasachta 22
3.7 Rannpháirtíocht Comhpháirtíochta 23
3.8 Foilseacháin 24

**Mír 4: Cás-Staidéir CSME 25**

Cás-Staidéar 1: Bataí Siúil Activator agus COPD 26
Cás-Staidéar 2: Peil Siúil 28
Cás-Staidéar 3: Aclaíocht le Ceol 30
Cás-Staidéar 4: Tuismitheoirí i gCeardlanna Spóirt 32
Cás-Staidéar 5: Leadóg do Dhaoine ar a bhfuil Lagú Radhairc 34
Cás-Staidéar 6: Cadhcáil do Thosaitheoirí 36
Cás-Staidéar 7: Mná Níos Sine ná 40 Bliain 38

**Mír 5: An Scéal is Déanaí ó CSME 40**

**Aguisíní 42**

Aguisín A -Ballraíocht de Choiste CSME 43
Aguisín B - Gluais Téarmaí 43
Sonraí Teagmhála CSME

## Cás-Staidéir 1

### Gníomhaíocht Coirp don tSláinte (PAfH): Siúl le Bataí Siúil Mionathraithe Activator do dhaoine ar a bhfuil Galar Scamhóige Toirmeascach Ainsealach (COPD)

### Ar cistíodh an clár seo trí Chuntais Dhíomhaoine?

Níor cistíodh

### Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Deis a thairiscint do dhaoine a bhfuil COPD orthu in Iorras aclaíocht a dhéanamh go sábháilte i gclár mionathraithe aclaíochta le Bataí Siúil Activator a chuireann Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo ar siúl faoin gClár Píolótach Gníomhaíocht Coirp don tSláinte.

### Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- An bhearna a dhruidim tar éis cláir Athshlánaithe Scamhóige. Bíonn deacracht ag daoine ar a bhfuil an riocht riospráide fadtéarmach, COPD, deiseanna a aimsiú leanúint le haclaíocht go sábháilte sa phobal mar gheall ar easpa cláir chuí aclaíochta.
- Le tionchar dearfach a imirt ar chaighdeán beatha daoine a fuair diagnóis COPD, ar riocht fadtéarmach sláinte é ar féidir leis tairbhe a bhaint as idirghabháil aclaíochta le leibhéil seasmhachta agus chorpacmhainne a chothú.



**PICTIÚR:** Rannpháirtithe i gClár PAFH i mBéal an Mhuirthead

### Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

- Comhoibriú le FitWalk Ireland le clár mionathraithe Bataí Siúil Activator a fhorbairt.
- Ionduchtúchán agus oiliúint ar theagascóir CSME leis an gclár mionathraithe a sholáthar.
- Rinneadh rannpháirtithe i gclár Athshlánaithe Scamhóige Bhéal an Mhuirthead agus daoine sa phobal ar a bhfuil COPD a threorú agus tugadh cuireadh dóibh triail a bhaint as an gclár 8 seachtaine.
- Ullmhaíodh foirmeacha clárúcháin leis an Par-Q agus an Beart Earra Shingil.
- Cuireadh suirbhé ar aiseolas ó rannpháirtithe le chéile.



### Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Clár mionathraithe struchtúrach siúil le Bataí Siúil Activator a dhearadh agus a fhorbairt.
- Forbairt agus oiliúint teagascóirí ar rang a oiriúnú i leith grúpa an-sonrach rannpháirtithe ar a bhfuil riocht ainsealach riospráide.
- Tacaíodh le daoine aonair ar a bhfuil COPD in Iorras den chéad uair le tionscnamh PAfH a chuir Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo ar siúl; clár mionathraithe siúil 8 seachtaine le bataí siúil Activator.

### Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Leanúint ag tacú leis an gClár Mionathraithe Siúil le Bataí Siúil Activator i mBéal an Mhuirthead.
- Bileog chlár mionathraithe aclaíochta baile a dhearadh do rannpháirtithe ar a bhfuil COPD.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Tacaíocht COPD Éireann lena mbaill a spreagadh páirt a ghlacadh sa chlár.

### Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

"Tá an rang Bataí Siúil Activator ag cuidiú liom éirí níos aclaí".

"Shíl mé gur oir aclaíocht a dhéanamh domsa agus bhí sé an-mhaith casadh le daoine eile."

"Bhí sé deas rang a bheith ann (tar éis athshlánú scamhóige) agus bhí an ghné shóisialta taitneamhach"

### Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- 9 rannpháirtí
- 5 bhean agus 4 fhear
- Clár 8 seachtaine
- Raon aoise: 7 rannpháirtí 75+ agus 2 rannpháirtí 65-74
- Imeacht ionchuimsitheach

## Cás-Staidéir 2

### Mol Spóirt Bhaile an Róba - Peil Siúil

### Ar cistíodh an clár seo trí Chuntais Dhíomhaoine?

Cistíodh

### Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Tugadh an t-imeacht seo isteach le daoine fásta breacaosta a spreagadh páirt a ghlacadh i bPeil Siúil

Bhí Peil Siúil á cur chun cinn ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo mar chuid de chlár Sláinte Fear ar fud an chontae agus d'aontaigh Comhordaitheoir Mhol Spóirt Bhaile an Róba leis an imeacht 6 seachtaine a éascú i mBaile an Róba.

D'oibrigh an Comhordaitheoir le Cumann Peile Lúthchleas Bhaile an Róba agus le grúpaí pobail eile leis an imeacht a chur chun cinn agus a chur ar bun.

### Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Peil Siúil a thabhairt isteach i measc cohórt nua imreoirí
- Tairbhí fisiciúla agus meabhrach araon a sholáthar don spriocghrúpa.
- Deis a thabhairt do dhaoine fásta breacaosta tabhairt faoi ghníomhaíocht foirne/grúpa.



**PICTIÚR:** Rannpháirtithe sa Pheil Siúil

### Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

- D'aithin an Comhordaitheoir an spriocghrúpa trí chumainn spóirt áitiúla, grúpaí pobail, na meáin shóisialta agus grúpaí WhatsApp.
- Chuathas i gcomhpháirt le: Cumann Peile Lúthchleas Bhaile an Róba, Páirc Astroturf Pháirceanna Bhaile an Róba, Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo, Ionad Acmhainní Teaghlaigh (FRC) Tacú, Mol Spóirt Pobail Bhaile an Róba
- Ullmhaíodh Measúnuithe Riosca, Bileoga Sínithe Isteach agus Bileoga Beart Earra Shingil

**Acmhainní:**

Ba iad na hacmhainní a soláthraíodh an trealamh agus na saoráidí a bhí ann cheana féin:

- Sholáthair an Comhordaitheoir na liathróidí agus na bibeanna
- Sholáthair Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo an cistiú leis an bPáirc Astroturf a fháil ar cíos

**Formáid**

Imeacht seachtainiúil Déardaoin ag 8pm ar feadh 1 uair.



### Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Clár an-rathúil a mheall imreoirí nua agus ar tháinig forbairt air chuig an bpointe gur lean na seisiúin go rialta tar éis an chláir tosaigh agus rinneadh cláir féinchistithe díobh
- Imeacht spraíúil sóisialta agus fisiciúil do dhaoine fásta breacaosta
- Tairbhí sláinte ó ghníomhaíocht rialta
- Spreag an Comhordaitheoir gné idirghlúine trí chuireadh a thabhairt do leanaí na rannpháirtithe páirt a ghlacadh agus d'eascair gné "leaideanna, seanleaideanna agus sin-seanleaideanna" as seo, a mhéadaigh na leibhéil rannpháirtíochta agus a chuir leis an imeacht.
- Tugadh cuireadh don ghrúpa páirt a ghlacadh in imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta Peile Siúil.

### Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Lorgóidh an grúpa Peile Siúil leanúint ar aghaidh agus níos mó ball a spreagadh chun imeartha go rialta
- D'aontaigh Cumann Peile Lúthchleas Bhaile an Róba le rannóg Peile Siúil a chur san áireamh laistigh den chumann le hárachas a fháil, le tairbhí a bhaint do bhaill agus le rannpháirtíocht ghinearálta sa chumann a spreagadh

### Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

*Aiseolas ó rannpháirtithe*

"Tá fíorthaitneamh á bhaint agam as an bpeil siúil agus mothaím i bhfad níos fearr go bhfuil mé in ann imirt gach seachtain. Tá na toitíní caite in aer agam faoi láthair agus sílim go gcoinníonn an pheil níos aclaí mé agus dírithe ar mo shláinte a fheabhsú. Tá súil le Dia agam gur féidir linn leanúint ag imirt gach seachtain mar gheall gur chruthaigh sé tairbhe ollmhór domsa agus do mo shláinte. Go mb'fhada buan a leanfaidh sé" - rannpháirtí C

*Aiseolas ó Chomhpháirtithe*

"Is iontach go gcasann an grúpa seo le chéile go rialta agus go mbaineann siad taitneamh as an bpeil a imirt, léiríonn sé nach mbíonn tú riamh róshean" - Cumann Peile Lúthchleas Bhaile an Róba.

### Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- 8 seachtaine ón 15/06/23 - leanadh leis an imeacht i rith 2023 agus isteach in 2024
- 21 Duine Fásta i rith breis agus 8 seachtaine - (20 Fear - 1 Bhean)
- Ghlac 6 fhear óga páirt
- Réimse aoise idir 16 agus 80 bliain
- Imeacht idirghlúine agus ilchultúrtha.
- Imeacht ionchuimsitheach



## Cás-Staidéir 3

### Mol Spóirt Bhéal Átha hAmhnais – Aclaíocht le Ceol

### Ar cistíodh an clár seo trí Chuntais Dhíomhaoine?

Níor cistíodh

### Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Tugadh aclaíocht le ceol isteach le tuismitheoirí agus mná na bpobal agus na n-eitneachtaí uile a spreagadh aclaíocht a dhéanamh i gceantar Bhéal Átha hAmhnais.

### Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Aclaíocht a thabhairt isteach i measc na mban i dtimpeallacht spraíúil
- Tairbhí fisiciúla agus meabhrach araon a sholáthar don spriocghrúpa.
- Pobail a chomhtháthú agus an deis a thabhairt do mhná casadh le daoine nua

### Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

- D'aithin Comhordaitheoir Mhol Spóirt Bhéal Átha hAmhnais agus Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhéal Átha hAmhnais, Grúpa Chairde an tSeanchlochair, Pobalscoil agus Scoil Náisiúnta Bhéal Átha hAmhnais an spriocghrúpa.
- Cruthaíodh comhpháirtíocht le múinteoirí na Pobalscoile agus na Scoile Náisiúnta áitiúla a rinne tuismitheoirí a aithint a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as seo.
- Cuireadh an clár ar bun i Halla an Phobail i mBéal Átha hAmhnais.
- Cruthaíodh póstaer i mBéal Átha hAmhnais agus cuireadh an t-imeacht chun cinn trí WhatsApp agus Facebook.

**Acmhainní:**

Ba iad na hacmhainní a soláthraíodh an trealamh agus na saoráidí a bhí ann cheana féin:

- Chuir Comhordaitheoir Mhol Spóirt Bhéal Átha hAmhnais an clár ar siúl.
- I Halla an Phobail a bhí sé agus bhí a steiréó agus a mataí aclaíochta féin ag an gComhordaitheoir.

**Formáid**

Imeacht seachtainiúil Déardaoin ag 9.30am ar feadh 1 uair.



### Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Clár an-rathúil a cuireadh ar siúl ar feadh 2 thréimhse 6 seachtaine.
- Imeacht spraíúil sóisialta agus fisiciúil do thuismitheoirí agus do mhná.
- Tairbhí sláinte ó ghníomhaíocht rialta
- Spreag an Comhordaitheoir rannpháirtithe páirt a ghlacadh sa dara rang ar an Máirt.
- Ghlac roinnt ball páirt i gClár Siúil Ireland lights Us le Cumann CLG Bhéal Átha hAmhnais in Ionad Sármhaitheasa CLG Chonnacht.

### Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Leantar le hAclaíocht le Ceol a chur ar siúl in 2024 gach Déardaoin sa halla pobail agus tráthnóna Aoine i gCumann Rugbaí Bhéal Átha hAmhnais

### Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

*Aiseolas ó rannpháirtithe*

"Tá taitneamh mór á bhaint agam as an ngrúpa, tá mé 77 agus mothaím iontach gur féidir liom aclaíocht a dhéanamh le cailíní atá ar a laghad dhá oiread níos óige ná mé féin, agus tá mo mhuintir i Meiriceá sásta go bhfuil ag éirí maith go leor liom ó cailleadh mo mhac, Merrilyn

*Aiseolas ó Chomhpháirtithe*

"Is iontach a fheiceáil go bhfuil úsáid rialta á baint as an halla ag daoine ó gach cúlra agus bíonn sé ionchuimsitheach gan aird ar aois agus ar chumas: Feighlí Halla Pobail Bhéal Átha hAmhnais, Mike Griffin

### Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- 2 x 6 seachtaine ón 28 Meán Fómhair go dtí Nollaig 2023 agus isteach in 2024
- 26 bean, 1 rang sa tseachtain
- Chistigh Scoil Náisiúnta Bhéal Átha hAmhnais 6 áit i Rang a 2, dóibh siúd ar ísealioncam
- 2 bhall den phobal taistealaithe
- 8 náisiúntacht
- Réimse aoise idir 25 agus 77 bliain
- Rang aclaíochta ionchuimsitheach



## Cás-Staidéir 4

### Clár Píolótach Tuismitheoirí sa Spóirt - Béal an Átha

### Ar cistíodh an clár seo trí Chuntais Dhíomhaoine?

Cistíodh

### Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Tugadh an t-imeacht isteach le teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí, oifigigh choiste cumainn agus le cóitseálaithe ón gcumann céanna teacht i láthair agus na tionchair a fhoghlaim cén chaoi a múnlaíonn agus a n-imríonn an triúr daoine tionchar ina róil ar eispéireas an linbh den chumann. Is iad an triúr daoine seo is féidir eispéireas dearfach a chothú don leanbh.

Cúrsa Cóitseála Spórt Éireann é Tuismitheoirí sa Sport agus bhí sé á chur chun cinn ag Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo i gceantar Bhéal an Átha.

Bhí trí chúrsa ar leith ann.

- Tuismitheoirí sa Spórt - Tuismitheoirí
- Tuismitheoirí sa Spórt - Cóitseálaithe
- Tuismitheoirí sa Spóirt - Baill de Choiste Cumainn

### Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Ionbhá a chothú i measc na bpáirtithe uile (tuismitheoirí, cóitseálaithe agus baill den choiste).
- A chuidiú beartas iontrála oscailte a chruthú inar féidir an chumarsáid a dhéanamh idir na trí pháirtí leasmhara go léir.
- Cur chuige trí ghné a chothú i leith eispéireas linbh den spórt agus de ghníomhaíocht coirp a fheabhsú agus tionchar dearfach a imirt air.
- An díriú a athrú ó bhuachan ar ais nó ar éigean go dtí timpeallacht níos spraíúla agus níos ionchuimsithí laistigh den chumann.
- Na leanaí a chóitseáil go mbeidh spraoi acu agus timpeallacht shábháilte a chur ar fáil.

### Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

- Aithníodh baile/ceantar le líon éagsúil cumann a bhaint amach. Rinneadh cinneadh gan cur chuige ar fud an chontae a sholáthar chun grúpa ar chaighdeán níos airde, seachas níos mó grúpaí, a chur le chéile.
- Cuireadh halla in áirithe don tréimhse ceithre huaire an chloig agus soláthraíodh teilgeoir, tae agus ceapairí.
- Eagraíodh nasc Eventbrite ar ar fógraíodh na trí chúrsa ceithre seachtaine roimh an imeacht.
- Fógraíodh an t-imeacht trí bhunachar cumann Mhol Spóirt Bhéal an Átha agus trí leathanaigh Facebook Mhol Spóirt Bhéal an Átha agus Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo.
- Thit roinnt mhaith cruinnithe amach le Cóitseáil Spórt Éireann chun ullmhú dó.
- Bhí eitiltí agus cóiríocht le socrú d'éascaitheoir an chúrsa, a bhí ag teacht ó Shasana.

**Acmhainní:**

- Úsáideadh Teach Glasgow Kennedy mar ionad ina raibh teilgeoir, cistinéad, táblaí agus cathaoireacha.
- Úsáideadh bileoigíní agus bróisiúir Chóitseáil Spórt Éireann agus scaipeadh bileoigíní Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo chomh maith.

**Formáid**

Cuireadh an cúrsa seo ar bun i rith oíche amháin agus ar bhonn aghaidh ar aghaidh. Cuireadh trí chúrsa uair an chloig ar leith ar bun agus ina raibh sos 15 nóiméad idir gach cúrsa.

- 6pm – Tuismitheoirí sa Spóirt (coiste cumainn)
- 7:15pm – Tuismitheoirí sa Spórt (cóitseálaithe)
- 8:30pm – Tuismitheoirí sa Spórt - (tuismitheoirí)



### Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Cúrsa píolótach a bhí ann seo ba mhaith le Spórt Éireann a úsáid féachaint an bhféadfaí é a thabhairt isteach sa chuid eile den tír.

- Rannpháirtíocht an-dearfach i measc na ngrúpaí go léir.
- D'aithin formhór na ndaoine an easpa cumarsáide idir tuismitheoirí, cóistí, agus coiste an chumainn. Go háirithe nuair atá na huaillmhianta agus na spriocanna céanna ag gach duine laistigh den ghrúpa.
- Theastaigh níos mó litríochta agus sleamhnáin PowerPoint an chúrsa ó gach duine a ghlac páirt agus tugadh iad sin dóibh.
- Léirigh níos mó clubanna ar fud an chontae suim sa chúrsa.
- Bhí Cóitseáil Spórt Éireann an-sásta leis na torthaí a bhain siad ón tráthnóna agus bhí siad an sásta le caighdeán na gcumann a ghlac an t-am ina dtráthnóna chun teacht i láthair.

### Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Is éard a bheidh sna chéad chéimeanna eile an clár a thabhairt isteach sa chuid eile den tír.
- Fágfar é seo faoi Chóitseáil Spórt Éireann.

### Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

*Aiseolas ó rannpháirtithe*

'Go raibh maith agat as an gcúrsa seo a eagrú. D'fhreastail mé ar an Modúl Cóitseálaí Spóirt do Thuismitheoirí agus shíl mé go raibh sé an-mhaith. Is cinnte go bhfuil roinnt eolas nua foghlamtha agam.

### Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- 40 rannpháirtí, ar an iomlán
- 25% Fir

## Cás-Staidéir 5

### Leadóg do Dhaoine ar a bhfuil Lagú Radhairc

### Ar cistíodh an clár seo trí Chuntais Dhíomhaoine?

Níor cistíodh

### Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Is é cuspóir an chláir deiseanna a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí laistigh dá bpobal áitiúil

### Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Leadóg a thabhairt isteach i measc rannpháirtithe nua a bhfuil Lagú Radhairc orthu
- Tairbhí fisiciúla agus meabhrach araon a sholáthar don spriocghrúpa.
- An deis chun tabhairt faoi ghníomhaíocht cumainn/grúpa



**PICTIÚR:** Rannpháirtithe i leadóg lagradhairc

### Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

- D'aithin Oifigeach Rannpháirtíochta an spriocghrúpa trí chumainn áitiúla spóirt, grúpaí pobail, na meáin shóisialta agus grúpaí WhatsApp
- Chuathas i gcomhpháirt le: Cumann Leadóige Chaisleán an Bharraigh agus Leadóg Éireann
- Eagraíodh lá Tar agus Bain Triail As
- D'eagraigh an cumann amanna Cóitseálaithe agus Cúirte

**Acmhainní:**

Ba iad na hacmhainní a soláthraíodh an trealamh agus na saoráidí a bhí ann cheana féin:

- Sholáthair Cumann Leadóige Chaisleán an Bharraigh na liathróidí agus na raicéid
- Sholáthair Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo an cistiú leis an gCúirt a fháil ar cíos

**Formáid**

Imeacht seachtainiúil ar an Satharn do leanaí agus um thráthnóna ar an Luan do dhaoine fásta ar feadh 1 uair.



### Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Clár an-rathúil a mheall imreoirí nua agus ar tháinig forbairt air chuig an bpointe gur lean na seisiúin go rialta tar éis an chláir tosaigh
- Imeacht spraíúil sóisialta agus fisiciúil don spriocghrúpa
- Tairbhí sláinte ó ghníomhaíocht rialta
- Spreag an Comhordaitheoir gné idirghlúine trí chuireadh a thabhairt do Rannpháirtithe ó Shligeach teacht i láthair le páirt a ghlacadh
- D'eagraigh an Comhordaitheoir turas go Baile Átha Cliath le páirt a ghlacadh in imeachtaí náisiúnta.

### Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Lorgóidh an clár Leadóige do Dhaoine ar a bhfuil Lagú Radhairc leanúint ar aghaidh agus níos mó ball a spreagadh chun imeartha go rialta
- Leanfaidh Cumann Leadóige Chaisleán an Bharraigh leis an gclár a chur ar siúl agus ballraíocht a thairiscint do rannpháirtithe

### Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

Tá "Leadóg na nDall/VI" i gCaisleán an Bharraigh ag dul ó neart go neart agus bíonn 4 imreoir shóisearacha agus 5 dhuine fhásta ag imirt gach seachtain. Idir daoine a bhfuil lagú radhairc orthu agus daoine dalla atá sna himreoirí agus tá gach duine díobh an-bhuíoch go bhfuil a spórt féin acu. Tá ullmhúcháin á ndéanamh againn le haghaidh roinnt iomaíochas cairdiúil sna míonna amach anseo le cumainn VI i nGaillimh agus Baile Átha Cliath agus tá bís an domhain orainn faoin dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo, agus na líonta ag dul in méid de réir mar a scaiptear an scéal faoin spórt is nua i Maigh Eo"

Olwyn O'Toole

### Líon rannpháirtithe agus staitisticí eile

- Críochnaíodh clár 8 seachtaine
- Chríochnaigh 4 dhuine fhásta agus 3 leanbh an clár
- Réimse aoise idir 8 agus 60 bliain
- Imeacht ionchuimsitheach



## Cás-Staidéir 6

### An Clár Cadhcála do Thosaitheoirí Mná ar an Uisce

### Ar cistíodh an clár seo trí Chuntais Dhíomhaoine?

Cistíodh

### Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

Ba é cuspóir an chláir spás a sholáthar do ghrúpa cadhcóirí mná amháin leis an deis a thabhairt dóibh a scileanna cadhcála a fhorbairt i rith tréimhse sé seachtaine – agus é ina aidhm a dteastas Scileanna Cadhcála Abhann Leibhéal a Dó a bhaint amach. Chuirfeadh scileanna leibhéal a dó ar chumas na mban ballraíocht a ghlacadh de Chumann Cadhcála Chaisleán an Bharraigh agus a gcadhcáil a thabhairt chun cinn – sa chás gur mian leo. Chuirfeadh sé ar chumas na mban freisin a bheith ina mball inniúil de ghrúpa cadhcóirí eile.

### Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Cadhcáil a thabhairt isteach i measc grúpa nua ban – idir 18 agus 60 bliain d'aois.
- Thit an clár amach tráthnóna Chéadaoin i rith sé sheisiún.
- Bealach a sholáthar chun dul chun cinn a dhéanamh dóibh siúd a chríochnaigh a measúnú scileanna leibhéal 2. Iarrann an cumann cadhcála áitiúil go mbaineann gach ball a dteastas Cadhcála Abhann Leibhéal 2 amach.
- Spás 'sábháilte' a sholáthar do mhná le spórt na cadhcála a fhiosrú. Bhí mar chuspóir againn, a mhéid agus ab fhéidir, go soláthródh teagascóirí mná an clár. Ní raibh é seo indéanta i gcónaí, mar sin féin.



**PICTIÚR:** Rannpháirtithe i gClár Láidreachta na mBan i gClar Chlainne Mhuiris

### Príomhthorthaí: Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht? (3 cinn, ar a mhéid)

1. Ba é an clár Mná ar an Uisce an chéad uair a chuir an cumann cadhcála clár oiliúna cadhcála a dearadh go sonrach do mhná ar siúl.
2. As an t-aon bhean déag a thosaigh an cúrsa, lean seachtar ar aghaidh le haghaidh a thabhairt ar a measúnú Scileanna Abhann Leibhéal 2. Agus ghlac siad páirt ina dhiaidh sin leis an gcumann cadhcála. Níos mó éagsúlacht inscne a chur leis an gcumann.
3. Bunaíodh treoirphlean, cruthúnas coincheapa i ndáiríre, maidir le cén chaoi na cláir seo a chur ar bun. Is dóchúil go mbeidh an clár Mná ar an Uisce ina thionscnamh bliantúil as seo amach a chuirfidh an cumann cadhcála ar siúl.



### Na Chéad Chéimeanna Eile: Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht? (3 cinn, ar a mhéid)

1. Go ndéanfaidh an comhordaitheoir idirchaidreamh leis an gcumann cadhcála áitiúil lena chinntiú go gcuirtear an oiliúint ar a bhféilire oiliúna don bhliain 2024.
2. Léiriú spéise a lorg ó mhná sa cheantar i gCúrsa Oiliúna leantach Abhann Leibhéal 3 a chur ar siúl.
3. A chinntiú go bhfuil cumas leordhóthanach ag coiste an chumainn déileáil leis an gcúrsa a riar (ba bhac mór é seo i dtosach i dtaobh déileáil leis an gcumann).

### Na Príomhrudaí a Foghlaimíodh: Luaigh príomhrud amháin a d'fhoghlaim tú ón gClár/Tionscnamh/Imeacht

- An clár a thosú níos luaithe sa samhradh. Cuirtear an clár ar siúl ar feadh sé seachtaine. Níor cuireadh an Clár ar siúl go dtí tráth déanach i Lúnasa. Rinneadh dhá sheisiún a chur siar mar gheall ar an aimsir. Thit an dá sheisiún deireanach den chlár amach dá bharr i nDeireadh Fómhair agus bhí níos lú uaireanta de sholas an lae ann dá bharr leis an gclár a chur ar siúl.

### Athfhriotail: Iarrtar ort díreach athfhriotal amháin a thabhairt (e.g. ó rannpháirtí, múinteoir, tuismitheoir, comhpháirtí etc.)

**Aiseolas ó rannpháirtithe ...déan do rogha!**

"Go raibh maith agat, a Sharon agus a Graham, as seisiún nach ligfear i ndearmad ar Loch Ceara inniu. Bhí gach duine ina gcomhluadar álainn." "An lá is fearr! Tá muid fíorshásta lenár gcéad eachtraíocht. Go raibh míle maith agaibh."

"Go raibh maith agaibh as na hamanna iontacha ar an uisce. Táim ag tnúth le níos mó díobh seo in 2024. Agus níos aibhneacha."

**Aiseolas ó Chomhpháirtithe**

"B'iontach a thabhairt faoi deara gur cuireadh an tionscnamh seo ar bun den chéad uair. Sílim go gcuideoidh sé le níos mó ban a thabhairt isteach sa spórt agus inár gcumann. Chruthaigh sé ioncam luachmhar freisin don chumann ar féidir linn é a infheistiú ar ais isteach sa chumann". – ball de Chumann Cadhcála Chaisleán an Bharraigh.

### Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- Bhí aon bhean déag páirteach sa chlár.
- Chríochnaigh seachtar an measúnú scileanna cadhcála Leibhéal 2.
- Idir 32 agus 55 bliain a bhí aois na ndaoine.
- Cuireadh an clár ar bun ar feadh 6 seachtaine. Cuireadh oiliúint bhreise ar siúl ar feadh roinnt seachtainí eile tar éis an chúrsa.



# Cás-Staidéir 7

## Láidreacht agus Aclú Ban Níos Sine ná 40

### Ar cistíodh an clár seo trí Chuntais Dhíomhaoine?

Níor cistíodh

### Cén cuspóir a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Freastal ar riachtanais ar leith bhan agus ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh mhná san aoisghrúpa seo ó thaobh láidreachta agus aclú.
- An tsláinte trí chéile a chur chun cinn
- Folláine fhisiciúil a chothú, gortuithe a chosc agus caighdeán na beatha a fheabhsú.
- Íomhá dhearfach coirp a chur chun cinn agus mná a chumasú tús áite a thabhairt dá sláinte de réir mar a théann siad in aois

### Cén aidhmeanna a bhí ag an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Mná níos sine ná 40 a spreagadh Láidreacht agus Aclú a chur san áireamh ina gcóras corpacmhainne, cur chuige iomlánaíoch i leith corpacmhainn.
- Dlús na gcnámh a fheabhsú agus mais mhatáin a chothú.
- Solúbthacht, cothromaíocht agus láidreacht fheidhmiúil a fheabhsú agus cabhrú le gortuithe a chosc agus neamhspleáchas a chothú níos déanaí sa saol.




**PICTIÚR:** Rannpháirtithe i gClár Láidreachta na mBan i gClar Chlainne Mhuiris

### Cad a bhí i gceist leis an gClár/Tionscnamh/Imeacht a reáchtáil?

- D'aithin Spórt Éireann gur theastaigh ón ngrúpa/cohórt seo níos mó ama a chur ar fáil dóibh féin, agus forbraíodh an feachtas 'It's my Time' dá bharr agus rinneadh é a chur chun cinn do na LSPanna. Cur chuige iomlánaíoch i leith aclaíochta agus corpacmhainne a bhí i gcuid den chlár seo agus bhí Láidreacht agus Aclú i gceist le ceann de na disciplíní siúd.
- Cruthaíodh Comhpháirtíocht roimhe seo le hallaí gleacaíochta agus le stiúideonna corpacmhainne ar fud an Chontae, agus bhí teagmháil le déanamh leo seo agus fiafraíodh díobh an mbeidís toiliúil an rang Láidreachta agus Aclaithe a chur ar bun do mhná níos sine ná 40 bliain agus iarradh orthu a chinntiú go raibh na teagascóirí go léir cáilithe.
- An clár a dhearadh do na cláir 6 seachtaine
- Oideachas – seisiúin oideachais a sholáthar do na mná ar limistéir eile chorpacmhainne agus chothaithe – caint faoin deireadh míostraithe le cóitseálaí.
- Bearta Sábháilteachta – a chinntiú gur chloígh na háiseanna le caighdeáin sábháilteachta maidir le trealamh agus áiseanna.
- Cumarsáid – A chinntiú go gcoinnítear rannpháirtithe ar an eolas ar athruithe sceidil, naisc le haiseolas, imeachtaí a bheidh ag teacht aníos, agus cainteanna eolais – spriocanna a leagan amach, cothú.
- Cur chun cinn trí ardáin mheán sóisialta a bhaineann leis an gcohórt seo.



### Cén torthaí a bhí ar an gClár/Tionscnamh/Imeacht?

- Láidreacht agus Aclú Níos Fearr – Thug rannpháirtithe corpacmhainn fhisiciúil níos fearr faoi deara i roinnt gnéithe a bhaineann leis an tsláinte.
- Dlús na gCnámh a Chothú - Cuireann traenáil láidreachta le dlús na gcnámh a choinneáil nó fiú a mhéadú, agus tá seo tábhachtach do mhná san aoisghrúpa seo a mb'fhéidir go mbeadh baol níos mó rompu i leith oistéapóróise.
- Bainistíocht Meáchain – Is féidir le haclaíocht rialta cabhrú le bainistíocht meáchain.
- Cosc ar ghortú – Is féidir le gluaiseachtaí feidhmiúla an baol i leith gortú a laghdú agus is féidir cothromaíocht agus comhordú a fheabhsú tríd an saghas seo oiliúna.
- Íomhá Dhearfach Coirp – Cothaíonn aclaíocht íomhá dhearfach coirp.
- Folláine a Chothú – Tá gaol idir aclaíocht rialta agus meabhairshláinte níos fearr.
- Feasacht ar stíl mhaireachtála – bíonn tuiscint níos fearr ag rannpháirtithe ar rudaí a imríonn tionchar ar a sláinte, cothú, codladh, agus strus ina measc.

### Cad iad na chéad chéimeanna eile don Chlár/Tionscnamh/Imeacht?

- Measúnú ar chláir reatha - a fhiosrú cén athruithe/feabhsúcháin is gá a dhéanamh.
- Fairsingiú agus for-rochtain – an méid ranganna a mhéadú atá á soláthar timpeall an Chontae.
- Comhoibriú – dul i gcomhar le páirtithe leasmhara eile le saineolaithe cothúcháin nó folláine a bhfuil eolas acu ar a gcéim dá saol a thairiscint do na mná.
- Oideachas leanúnach – ar gach gné den tsláinte do theagascóirí do mhná 40+ bliain
- Aiseolas agus measúnú – Leanúint le haiseolas a iarraidh ó rannpháirtithe go rialta.

### Athfhriotail ó rannpháirtithe, múinteoirí, tuismitheoirí, comhpháirtithe etc.?

**Aiseolas ó rannpháirtithe**

'Tá sé taitneamhach dreas traenála a dhéanamh i rang beag aclaíochta do mhná amháin le traenálaí iontach agus mothaím níos láidre agus níos sláintiúla dá bharr.'

Chláraigh mé do chlár láidreachta agus aclaithe ban 6 seachtaine trí Chomhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo in Aibreán anuraidh. Tá mé 51, agus níor fhreastail mé ar halla gleacaíochta riamh agus tá gliondar croí orm anois go bhfuil mé ag freastal go fóill le 6 mhí anuas.

'Tá clárú le F&F Performance i gCaisleán an Bharraigh ar cheann de na cinntí is fearr a rinne mé riamh.

Teagascóir sármhaith agus foighneach é Paddy; d'fhoghlaim mé go leor i dtréimhse an-ghearr. Rinne mé dreasa traenála nár shíl mé riamh go bhféadfainn iad a dhéanamh roimhe seo, a bhuíochas lena threoir. Múnlaítear na seisiúin chun freastal ar chumas féin aclaíochta gach duine. Coinníonn Paddy spreagtha mé agus baineann mé taitneamh as dreas traenála a dhéanamh anois. Is aoibhinn liom mo sheisiúin agus tá torthaí iontacha á dtabhairt faoi deara agam cheana féin. Tá mo chorpacmhainn imithe i méid, agus tá feabhas ollmhór tugtha faoi deara agam ar mo leibhéil chumais.

Tá mé sásta agus níos muiníní. Tá sé i gceist agam leanúint i mbun traenála le leibhéal maith aclaíochta a choinneáil ar feadh tréimhse an-fhada amach anseo. Mholfainn go mór na seisiúin seo, is cuma cén leibhéal corpacmhainne atá agat.

Is é an t-aon aiféala atá orm nár thosaigh mé níos luaithe.

Mary.'

**Aiseolas ó Chomhpháirtithe**

'Sílim gur aimsigh mé ábhar mór spéise. – Úinéir Halla Gleacaíochta

### Na Líonta a bhí Bainteach agus Staitisticí

- Breis agus 200 Rannpháirtí roinnte i measc roinnt ranganna.
- Ióga – 45
- Pilates – 24
- Ón Tolg go 5 Chiliméadar – 55
- Láidreacht agus Aclú – 100



